An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0026/2020**

**Chuig: An tÚdarás um Ardoideachas lena scaipeadh ar gach Institiúid Teicneolaíochta, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha agus Coláiste San Aingeal**

**COVID- 19 (An Coróinvíreas) - Céim an Mhoillithe**
**Socruithe do gach fostaí sa tSeirbhís Phoiblí**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur chun feidhme maidir leis na socruithe speisialta chun freastal ar COVID-19 do bhaill foirne atá fostaithe i bpoist fhaofa arna maoiniú ag airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

Tá na nósanna imeachta sin le cur chun feidhme ag gach fostóir le héifeacht láithreach, agus caithfidh gach ball foirne cloí leis na socruithe speisialta.

I measc na bprionsabal ginearálta atá le cur i bhfeidhm maidir le bainistíocht COVID-19 tá sábháilteacht agus leas fostaithe agus an tionchar ar theagasc agus ar fhoghlaim a íoslaghdú.

Is é oideachas leanúnach taighde agus seirbhísí tacaíochta riachtanacha le linn an dúnta reatha príomhfhócas na foirne san earnáil oideachais. Iarradh ar gach Institiúid leanúint ar aghaidh ag pleanáil cúrsaí le linn an dúnta reatha agus nuair is féidir, acmhainní nó cúrsaí ar líne ar líne a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ina bhfuil Institiúidí feistithe chun é sin a dhéanamh. Ba chóir do scoileanna daltaí nach mbeadh rochtain acu ar áiseanna ar líne a chur san áireamh. Beidh ar fhostóirí smaoineamh ar an mbealach is fearr le fostaithe a úsáid chun seachadadh seirbhísí oideachais, taighde agus tacaíochta riachtanacha a éascú.

Spreagtar solúbthacht i leith gach ball foirne maidir le socruithe oibre malartacha, mar shampla, obair ón mbaile, sealanna solúbtha, sealanna agaithe oibre, uaireanta oscailte níos faide agus obair ag an deireadh seachtaine. Níor cheart go mbeadh sé de cheangal ar fhostaithe freastal ach amháin ar na fostaithe sin a bhfuil gá lena láithreacht fhisiciúil san ionad oibre d'fhonn seirbhísí riachtanacha a sholáthar.

Forchoimeádann an Roinn an ceart na socruithe sin a athrú tráth ar bith chun comhairle nuashonraithe sláinte poiblí ón FSS a léiriú.

Cuirtear téarmaí an Chiorcláin seo in ionad Chiorclán 0022/2020.

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball de d'eagraíocht agus go gcuirfear a ábhar in iúl do gach ball foirne i d'fhostaíocht lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Ba chóir gach ceist  a chur faoi bhráid an fhostóra.

Is féidir aon cheisteanna breise a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist a leanas: esr@education.gov.ie

Tua Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
www.education.ie

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

**Is féidir treoir a fháil ar COVID-19: Faisnéis do Sheirbhísigh Shibhialta agus Phoiblí ar www.gov.ie.**

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach
27 Márta 2020

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chiorcláin seo tá na bríonna a shanntar dóibh anseo ag na téarmaí a leanas mura bhfuil an comhthéacs ann a léiríonn a mhalairt.

**RGFCS** - seasann sé seo don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**RCPA -** seasann sé seo don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Fostaí -** is ionann é seo agus gach ball foirne i bpoist arna maoiniú ag airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

**RGCS** - seasann sé seo don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679).

**FSS -** seasann sé seo d'Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.

**Féinaonrú**- ciallaíonn sé sin fostaí le hairíonna COVID-19 ar tugadh comhairle míochaine/FSS dó nó di fanacht istigh agus teagmháil le daoine eile a sheachaint go hiomlán. Beidh deimhniú ag teastáil i ngach cás den chomhairle ó FSS nó den chomhairle míochaine.

**Gluaiseachtaí srianta** - ciallaíonn sé sin fostaí gan aon airíonna COVID-19 ar tugadh comhairle míochaine /FSS dó nó di fanacht istigh agus teagmháil le daoine eile agus cásanna sóisialta a sheachaint a oiread agus is féidir. Beidh deimhniú ag teastáil i ngach cás den chomhairle ó FSS nó den chomhairle míochaine.

**An Roinn** is ionann sin agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

**1. Réamhrá**

1.1 Is víreas é an coróinvíreas (COVID-19) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le breoiteacht a théann i bhfeidhm ar na scamhóga agus na haerchonairí.

1.2 Tá oibleagáidí ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sábháilteacht agus leas na foirne ag an obair a chinntiú.

1.3 Ba chóir d'fhostóirí agus d'fhostaithe an treoir atá leagtha amach ag FSS agus/nó ag a ndochtúir a leanúint.

**Cuspóir an Chiorcláin seo**

2.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo comhairle a thabhairt d'fhostóirí faoi na socruithe le linn chéim an mhoillithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí:

- a bhfuil COVID-19 tolgtha acu
- a bhfuil airíonna COVID-19 orthu agus ar thug FSS/an dochtúir comhairle dóibh iad féin a fhéinaonrú chun scaipeadh an víris a chosc
- nach bhfuil aon airíonna de COVID-19 orthu ach a raibh dlúth-theagmháil acu le cás dearbhaithe de COVID-19 nó tá siad tar éis filleadh ó thír eile agus thug FSS/an dochtúir comhairle dóibh srian a chur ar a ngluaiseachtaí chun scaipeadh an víris a chosc
- a bhfuil freagrachtaí cúraim leanaí orthu mar gheall ar dhúnadh scoil nó seirbhís cúram leanaí a linbh
- ag a bhfuil riosca ard breoiteachta tromchúisí ó COVID-19

**3. Saoire Speisialta le Pá**

3.1 Faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir saoire speisialta le pá a dheonú d'fhostaí sa chás go soláthraítear dearbhú iomchuí FSS nó míochaine ar dhiagnóis COVID-19 nó ar mholadh chun féin-aonraithe nó chun srian a chur ar a c(h)uid gluaiseachtaí, de réir Threoirlínte FSS.

3.2 Ba cheart go mbeadh saoire speisialta le pá d'fhostaithe nach gceanglaítear orthu teacht chuig an obair mar gheall ar COVID-19 bunaithe ar an **mbuntuarastal agus ar liúntais sheasta amháin**. Ní chuimsítear leis sin íocaíochtaí préimhe.

3.3 Ní áireofar aon saoire speisialta le pá a deonaíodh chun diagnóis COVID-19 a fháil, chun féin-aonraithe nó gluaiseachtaí srianta mar chuid de thaifead Saoire Bhreoiteachta an fhostaí. Beidh feidhm ag an tsaoire speisialta le teidlíocht pá maidir leis an líon laethanta arna gcomhairliú ag FSS/ an dochtúir.

3.4 Ba cheart don fhostóir an tsaoire speisialta cheadaithe a thaifeadadh mar d'fhéadfadh an Roinn sonraí staidrimh a éileamh.

**4. Féin-Aonrú**

4.1 Leagann FSS amach na critéir maidir le féin-aonrú ag: - https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html . **Ní féidir le fostaí féin-aonrú a roghnú as a stuaim féin.**

4.2 Más é comhairle FSS nó comhairle míochaine é go gcaithfidh an fostaí féin-aonrú ansin féadfaidh an fostóir saoire speisialta le pá a dheonú.

4.3 Sa chás nach bhfuil dearbhú FSS ná dearbhú míochaine i scríbhinn ar fáil chun é/í a fhéin-aonrú, ní mór d'fhostaí an Fhoirm Fhéindearbhúcháin ag Aguisín 1 a chomhlánú chun comhairle FSS nó comhairle míochaine a fuarthas a thaifeadadh. Ba cheart don fhostaí an Fhoirm chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir a luaithe is féidir.

4.4 Sa chás go bhfuil an fostaí ar saoire speisialta cheana féin le pá mar gheall ar fhéin-aonrú agus ina dhiaidh sin tolgann sé nó sí COVID-19, ansin féadfaidh an tsaoire speisialta le pá leanúint ar aghaidh ar feadh ré na breoiteachta, faoi réir dheimhniú leighis a sholáthar don fhostóir.

4.5 Cosúil leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le bainistíocht Saoire Bhreoiteachta, ní mór don fhostaí teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na cúinsí thuas. Sa chás go n-athraíonn cúinsí nó diagnóis, ba cheart don fhostaí an fostóir a chur ar an eolas a luaithe is féidir.

4.6 Ba cheart go mbeadh teagmháil chuí idir an fostóir agus an fostaí le linn na tréimhse saoire speisialta le pá.

4.7 Nuair a bheidh an tréimhse fhéin-aonraithe a moladh caite, ba cheart comhairle míochaine agus Treoirlínte FSS a leanúint maidir le filleadh ar an obair.

4.8 Ní cheadaítear d'fhostaí atá ar saoire speisialta le pá íocaíocht Sochair Breoiteachta COVID-19 RGFCS a éileamh.

**5. Gluaiseachtaí Teoranta**

5.1 Leagann FSS amach na critéir maidir le gluaiseachtaí srianta ag: - https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html .
**Ní féidir le fostaí a roghnú as a stuaim féin srian a chur ar a c(h)uid gluaiseachtaí.**

5.2 Tá fostaí ar tugadh comhairle dó/di gluaiseachtaí a shrianadh ar fáil le haghaidh oibre. Ba cheart obair a shannadh don fhostaí agus mar sin ní mór don fhostóir socruithe malartacha oibre a éascú e.g. obair ón mbaile. Sa chás nach bhfuil socruithe oibre malartacha i ról reatha an fhostaí indéanta, féadfar é/í a shannadh go sealadach chun obair a dhéanamh laistigh den tSeirbhís Phoiblí is leithne. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag mír 12.

**6. Grúpaí i mBaol**

6.1 Tá comhairle FSS maidir le grúpaí atá i mbaol ar fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/at-risk-groups.html

6.2 Ba cheart d'fhostaí é/í féin a fhéindhearbhú i gcás ina measann sé/sí go bhfuil riosca ard breoiteachta tromchúiseach ann ó COVID-19. Sa chás nach bhfuil an fostaí tinn, ba cheart don fhostóir tosaíocht a thabhairt do shocruithe oibre malartacha e.g. obair ón mbaile.

6.3 Sa chás nach bhfuil socruithe oibre malartacha i ról reatha an fhostaí indéanta, féadfar é/í a shannadh go sealadach ansin chun obair a dhéanamh laistigh den tSeirbhís Phoiblí is leithne. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag mír 12.

**7. Fostaithe a bhfuil Freagrachtaí Cúram Leanaí orthu mar gheall ar dhúnadh scoil nó seirbhís cúram leanaí a linbh**

7.1 Níl saoire speisialta le pá ar fáil le haghaidh socruithe cúraim COVID-19. Nuair is féidir le fostaithe den sórt sin obair a dhéanamh ón mbaile ba cheart é sin a éascú a mhéid is indéanta. Ba cheart céimeanna a ghlacadh chun an scóip le haghaidh cianoibre a mhéadú agus is gá gach deis agus solúbthacht a iniúchadh.

7.2 Tá roghanna oibre solúbtha eile ann ar féidir le fostóirí a thairiscint d'fhostaithe i dteannta le socruithe maidir le hobair a dhéanamh ón mbaile. Is féidir leis na socruithe sin tacú le fostaithe freagrachtaí cúraim a bhainistiú sa bhaile (lena n-áirítear socruithe comhchúraim a éascú le comhpháirtí) agus féadann siad tacú le scaradh an fhórsa saothair agus bearta maidir le scaradh sóisialta. Mar shampla, d'fhéadfadh athruithe solúbtha a bheith san áireamh amhail; sealanna agaithe oibre; uaireanta oscailte níos faide agus obair ag an deireadh seachtaine.

**8. Gnáth-Shaoire Bhreoiteachta**

8.1 Faoi théarmaí agus choinníollacha na Scéime um Shaoire Bhreoiteachta, ba cheart don fhostóir gnáth-bhreoiteacht e.g. breoiteacht riospráide víreasach a thaifeadadh ar an gcóras ábhartha. Má dhéantar an fostaí a dhiagnóisiú ina dhiaidh sin le COVID-19, is féidir an tsaoire speisialta le pá a chur i bhfeidhm go siarghabhálach in ionad Saoire Bhreoiteachta.

**9. Dúnadh**

9.1 Má dhúntar oifig mar thoradh ar COVID-19, leanfaidh an fostóir ag íoc na bhfostaithe, ar bhonn na n-uaireanta conartha amháin agus ar feadh thréimhse an chonartha. Sa chás go ndúnfar oifig ba cheart don fhostóir na roghanna go léir atá ar fáil maidir le hobair sholúbtha a scrúdú mar atá leagtha amach sa chiorclán seo.

9.2 Spreagtar fostóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid pleananna leanúnachais ghnó i bhfianaise na ndálaí atá ag teacht chun cinn.

**10. Nósanna Imeachta Iarratais ar Shaoire Speisialta le Pá**

10.1 Ionas go bhféadfaidh an fostóir an tsaoire speisialta fhaofa a thaifeadadh, ní mór an fostóir a chur ar an eolas faoin neamhláithreacht a luaithe is féidir.

**11. Saoire a Chealú**

11.1 Ní mór na rialacha maidir le saoire a chealú (e.g. Saoire do Thuismitheoirí) a bheith de réir théarmaí agus choinníollacha na bhfoilseachán ábhartha de chuid na Roinne.

**12. Sannadh Sealadach**

12.1 De réir threoir RCPA, ní mór do gach seirbhíseach poiblí nach moltar dóibh féin-aonrú a dhéanamh a bheith ar fáil chun obair a dhéanamh le seirbhísí a sholáthar laistigh dá n-earnáil féin (mar thosaíocht) nó le haghaidh sannadh sealadach laistigh den tseirbhís phoiblí is leithne.

12.2 Iarrfar ar fhostóirí a chinneadh cé acu dá bhfostaithe a sholáthróidh seirbhísí oideachais, taighde agus seirbhísí tacaíochta riachtanacha dá gcuid mac léinn. Mar sin, beidh aon fhostaí nach gceanglaítear air nó

uirthi a choinneáil ag soláthar seirbhísí oideachais, taighde agus seirbhísí tacaíochta riachtanacha ar fáil le sannadh ar bhonn sealadach chun tacú le seachadadh seirbhísí poiblí riachtanacha eile. Déanfar an sannadh sealadach sin a bhainistiú ar bhonn struchtúrtha, láraithe tríd an Roinn seo agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuirfear fostóirí in iúl a thuilleadh maidir leis na socruithe praiticiúla chuige sin.

**13. Cosaint Sonraí**

13.1 Ní mór don fostóir gach doiciméad a bhaineann le saoire speisialta le pá a choinneáil leis na taifid phearsanra ábhartha ar bhealach slán agus sábháilte agus i gcomhréir le beartas cosanta sonraí agus rialacháin um chosaint sonraí an fhostóra.

**14. Comhlíonadh**

14.1 Agus saoire speisialta le pá á dheonú, beidh feidhm ag comhlíonadh fhorálacha saoire speisialta le pá. I gcás nach gcomhlíontar forálacha saoire speisialta le pá (lena n-áirítear an ceanglas dearbhú bona fide a sholáthar maidir le féin-aonrú/diagnóis COVID-19), féadfar nósanna imeachta atá ann cheana, lena n-áirítear bearta araíonachta, a agairt.

## Aguisín 1

# Foirm Fhéindearbhúcháin

**COVID-19: SAOIRE SPEISIALTA LE PÁ (COVID-19)**
**LE hAGHAIDH FÉIN-AONRAITHE**

**Cuid 1 - Sonraí an Fhostaí**

Ainm an Fhostaí: ________________________________ Uimhir Theagmhála: ________________

Seoladh Baile: _________________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ___________________________________________________________

UPSP: _____________________________________________________________________

Aonad Gnó: ____________________________________

**Cuid 2 - Sonraí faoi Shaoire Speisialta le Pá**

Líon laethanta bunaithe ar chomhairle míochaine chun féin-aonraithe: _________________

Ag tosú an (LL/MM/BBBB): _____________________________________________

Ag críochnú an (LL/MM/BBBB): __________________________________________________

**Tugadh moladh chun féin-aonraithe ó ( ✓ )**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dochtúir Teaghlaigh | ☐ | FSS | ☐ |
| Ospidéal | ☐ | Eile (sonraigh le do thoil)<br>_____________________ | ☐ |

**Comhairle Míochaine a fhaightear ar bhealach díobh seo a leanas ( ✓ )**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Glaoch Teileafóin | ☐ | Litir/r-phost/téacs (ceangail an chóip leis an bhfoirm seo le do thoil) | ☐ |
| Duine | ☐ | Eile (sonraigh le do thoil)<br>_____________________ | ☐ |

**Sonraí faoi Chomhairle Míochaine chun Féin-Aonrú a dhéanamh**

| | |
|---|---|
| Ainm an chomhairleora (e.g. ainm an dochtúra teaghlaigh, oibrí FSS) | |
| Dáta agus am ar tugadh an chomhairle | |
| Sonraí a sholáthraíonn tú féin don chomhairleoir (e.g. áiteanna agus dátaí nochta etc.) | |

[1] Ciallaíonn Bona fide maidir le hionadaíocht nó cumarsáid go ndéantar é de mheon macánta agus bunús maith leis ó thaobh fíricí de. Forchoimeádann an fostóir an ceart dearbhú breise a iarraidh.

**Dearbhú**

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá de réir Chiorclán 0026/2020 dar teideal '*An Coróinvíreas (COVID-19) Céim an Mhoillithe'.*

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san Fhoirm Fhéindearbhúcháin fíor agus cruinn.

Síniú an Fhostaí: ________________________________ Dáta: ________________

**Cuid 3 - Faomhadh Fostóra**

Síniú ___________________________________ Dáta: ______________________
(Fostóir)

***NÍOR chóir Foirm Iarratais/Doiciméadacht Tacaíochta a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ba cheart don fhostóir iad a choinneáil le haon doiciméad ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.***